


| | |
|---|---|
| **Coláiste \| Aonad Bainistíochta** | Gnóthaí Acadúla UCD |
| **Scoil \| Aonad** | Teagasc agus Foghlaim UCD |
| **Teideal an Phoist & Réimse Ábhair** *(más ábhartha)* | Cúntóir Tionscadail Teagaisc agus Foghlama |
| **Tréimhse an Phoist** | Cúig bliana (Painéal sealadach 12 mhí) |
| **Grád** | Cúntóir Feidhmiúcháin Sinsearach |
| **Cnuasach Post agus Leibhéal Gairme** | Bainistíocht & Oibríochtaí Acadúil agus Clár – Leibhéal Gairme 2 |
| **Uimhir Thagartha don Ghrádú Poist** | 2019/045 |
| **Bainisteoir Líne** | Oifigigh Tionscadail Teagaisc agus Foghlama & Rannpháirtíochta |
| **Uimhir Thagartha an Chomórtais** | 019334 |
| **Riarthóir Acmhainní Daonna** | Arianna Eady |

## Achoimre ar an bPost:

I gcomhpháirtíocht leis an bhFóram Náisiúnta um Fheabhsú Múinteoireachta agus Foghlama san Ardoideachas, tá an Ciste um Fheabhsú Ailínithe Straitéiseach na Teagaisc agus na Foghlama (Ciste SATLE) bunaithe ag an Údarás um Ard-Oideachas chun nuálaíocht sa Teagasc agus san Fhoghlaim a chur chun cinn ar fud earnáil an ardoideachais. Cuidíonn maoiniú SATLE leis an Ollscoil tograí, tionscadail, oibríochtaí, agus tacaíochtaí nua a reáchtáil ar bhonn píolótach, mar fhreagra ar thosaíochtaí náisiúnta agus institiúideacha. Tá Teagasc agus Foghlaim UCD i gceannas ar chomhordú an chiste seo. Agus iad ag obair faoi stiúir an Oifigigh Tionscadail Teagaisc agus Foghlama & Rannpháirtíochta, cuirfidh an ceapaí tacaíocht riaracháin ghairmiúil ar fáil chun cuidiú le sruthanna oibre a bhaineann leis an maoiniú seachtrach seo a chur i bhfeidhm.

Freisin, cuirfidh sealbhóir an phoist tacaíocht riaracháin ar fáil do réimse leathan gníomhaíochtaí agus tionscadal lárnacha a chuireann Teagasc agus Foghlaim UCD ar fáil (mar shampla, Scéimeanna Dámhachtainí Teagasc agus Foghlaim).

Tá an-chuid idirghníomhaíocht le comhghleacaithe i dTeagasc agus Foghlaim, chomh maith le comhghleacaithe i gColáistí, i Scoileanna agus in aonaid riaracháin ar fud UCD i gceist leis an ról seo.

Ní mór cur chuige solúbtha i leith na hoibre bheith ag sealbhóir an phoist, mar aon leis an gcumas oibriú as a stuaim féin agus tosaíochtaí eile a bhainistiú.

### Príomhdhualgais agus Príomhfhreagrachtaí:

- Tacaíocht riaracháin den scoth a sholáthar chun comhordú agus cur i bhfeidhm éifeachtach sruthanna oibre éagsúla a bhaineann le Cistí Feabhsúcháin Teagaisc agus Foghlama an Fhóraim Náisiúnta um Ardoideachas a chumasú.
- Tacaíocht riaracháin agus oibríochtúil den scoth a sholáthar do réimse leathan gníomhaíochtaí agus tionscadal lárnacha a chuireann Teagasc agus Foghlaim UCD ar fáil, lena n-áirítear, ach gan a bheith teoranta dóibh, Scéimeanna Dámhachtainí T&F, Comhaltachtaí sa Teagasc agus sa Fhorbairt Acadúil, agus siompóisiam T&F.
- Cáipéisíocht, pleananna oibre, cumarsáid agus tuarascálacha stádais a ullmhú.
- Tacaíocht riaracháin a eagrú agus a chur ar fáil do chruinnithe, lena n-áirítear sceidealú, scaipeadh cáipéisíochta, miontuairiscí a ghlacadh agus obair leantach i ndiaidh cruinnithe.
- Pleigh le fiosrúcháin a bhaineann le tograí/tionscadail/gníomhaíochtaí T&F - trí ríomhphost, teileafón agus i bpearsa, ionadaíocht a dhéanamh ar an aonad ar bhealach dearfach agus gairmiúil araon.

- Teagmháil a dhéanamh le raon leathan geallsealbhóirí inmheánacha agus seachtracha.
- Cuidiú le torthaí tograí/tionscadal/ghníomhaíochtaí Teagaisc agus Foghlama a ullmhú agus a scaipeadh, lena n-áirítear, forbairt cás-staidéir, tuarascálacha agus acmhainní.
- Ábhar a nuashonrú agus a chothabháil ar shuíomh Gréasáin Teagaisc agus Foghlama UCD agus ar meáin shóisialta.
- Taifead cruinn agus éifeachtach a choimeád ar bhuiséid tionscadal, ar chaiteachas, agus ar thuairiscí airgeadais.
- Teacht suas le nósanna imeachta oibríochtúla agus sreafaí oibre a chuidíonn le cur i bhfeidhm éifeachtach tograí/tionscadal/ghníomhaíochtaí T&F, agus iad a nuashonrú agus a thaifeadadh.
- Aon dualgais eile de réir mar a shanntar iad ag Oifigeach Tionscadail T&F agus/nó ag an Stiúrthóir Teagaisc agus Foghlama (Ceann Aonaid).

**Sainiúil don phost seo:**

**95 Scála Tuarastail Cúntóir Feidhmiúcháin Sinsearach_2010 (0123_X): €46,703 - € 56,831 in aghaidh na bliana**

Déanfar an ceapachán ar scála agus de réir threoirlínte na Roinne Airgeadais.
Tá sonraí maidir le hincháilitheacht don iomaíocht agus eolas faoi phinsean le fáil ag
https://www.ucd.ie/hr/resourcing/eligibilitytocompete/

Fáiltíonn UCD roimh iarratais ó chách. Táimid tiomanta do thimpeallacht a chruthú ina ndéantar an éagsúlacht a cheiliúradh agus ina dtugtar comhionannas deiseanna do chách. Foghlaim tuilleadh faoin Éagsúlacht ag
https://www.ucd.ie/workatucd/diversity

Soláthrófar socruithe réasúnacha d'aon iarrthóir le linn an phróisis agallaimh a nochtann go bhfuil míchumas orthu nó go bhfuil siad néara-éagsúil.

**Critéir Roghnúcháin**
Tá Creat Teaghlaigh Poist ag UCD agus tá an ról seo mar chuid de Chnuasach Poist um **Bainistíocht & Oibríochtaí Acadúil agus Clár** agus ailíníonn sé le **Leibhéal Gairme 2.** Tá tuilleadh sonraí maidir leis na hinniúlachtaí feidhmiúla agus na príomhinniúlachtaí leagtha amach sa Chreat Teaghlaigh Poist ar fáil ag:
https://www.ucd.ie/hr/promotionsgrading/jobfamilies/

Éigeantach:

**Taithí agus Cáilíochtaí**

- Taithí ghairmiúil 2-3 bheith ag obair in eagraíocht mhór nó in institiúid tríú leibhéal agus/nó céim tríú leibhéal ábhartha
- Scileanna TF den scoth atá comhoiriúnach le nádúr agus riachtanais na róil.

**Inniúlachtaí Feidhmiúla**

- **Anailís Ghnó (Leibhéal Oilteachta 1):** Cumas riachtanais an úsáideora a aistriú ina réitigh, doiciméid a phróiseáil tuairiscí a scríobh agus cultúr um fheabhsú leanúnach a chruthú.

- **Bainistíocht Sonraí (Leibhéal Oilteachta 1):** Eolas cruinn ar na cleachtais is fearr maidir le bainistíocht sonraí agus cleachtais maidir le rialachais sonraí.

- **Tacaíocht, Treoir agus Comhairle (Leibhéal Oilteachta 1):** Cumas láidir chun tacaíocht, treoir agus comhairle a sholáthar do mhic léinn, don fhoireann acadúil agus don fhoireann. Clúdaíonn sé leas agus folláine na mac léinn agus na foirne laistigh den institiúid chomh maith le tacaíocht agus comhairle oibríochtúil, i gcásanna neamhfhoirmiúla agus foirmiúla araon.

- **Grinneas Teicniúil (Leibhéal Oilteachta 1):** An cumas eolas, scileanna agus breithiúnas teicniúil a chur i bhfeidhm agus a fheabhsú le toradh a bhaint amach nó le tascanna a chur i gcrích go héifeachtach.

**Príomhinniúlachtaí**

- **Cumarsáid Éifeachtach:** Ardchumas dul i mbun cumarsáide scríofa agus labhartha atá soiléir, gan athbhrí, trédhearcach, agus comhsheasmhach le Luachanna UCD, chun faisnéis agus smaointe a chur in iúl agus a roinnt le daoine eile, éisteacht go cúramach, tuiscint a shoiléiriú agus tuairimí éagsúla a mheas.
- **Tionscnamh a Ghlacadh:** Sárchumas chun a bheith tionscantach trí ghníomhú go luath chun déileáil le agus chun fadhbanna a réiteach agus réitigh a aimsiú.
- **Fócas Seirbhíse agus Nuálaíocht:** An cumas riachtanais na gcustaiméirí a thuiscint agus a réamh-mheas, agus gníomhú chun táirge agus seirbhís ar ardchaighdeán a sholáthar a fhreastalaíonn ar ionchais na bpáirtithe leasmhara inmheánacha agus seachtracha go léir.
- **Pleanáil agus Eagrúcháin:** An cumas a gcuid oibre féin a phleanáil agus a eagrú, tosaíochtaí soiléire a leagan amach agus a chinntiú go mbaintear spriocdhátaí amach, chomh maith le gníomhaíochtaí a eagrú, tascanna a chur le chéile agus a scaradh chun aschur a sholáthar de réir achar ama soiléir chun cuspóirí na Scoile/an Aonaid/an Choláiste/na hOllscoile a bhaint amach
- **Feasacht Eagraíochta:** Tuiscint láidir a léiriú ar UCD ina iomláine, lena n-áirítear struchtúir rialachais agus rialacháin.
- **Athrú a Bhainistiú:** An cumas tabhairt faoi chur chuige dearfach chun dul i ngleic leis an obair chomh maith le hathruithe a ghlacadh agus aiseolas a bhaineann le feidhmíocht a lorg agus déileáil leis go cuiditheach.
- **Caidrimh a Chothú:** Cumas caidrimh oibre éifeachtach a chothú laistigh dá réimse féin agus ar bhonn níos leithne le comhoibriú agus comhar a spreagadh i réimsí eile agus comhpháirtíochtaí a chothú chun torthaí a bhaint amach.
- Ní mór d'iarrthóirí a léiriú go bhfuil siad feasach ar chlár oibre an chomhionannais, na héagsúlachta agus an chuimsithe.

Inmhianaithe:

- srl.

**Eolas Breise:**

| | |
|---|---|
| An Ollscoil: | https://www.ucd.ie/ |
| Straitéis UCD 2030 Teorainneacha a Shárú: | https://strategy.ucd.ie/ |
| An Coláiste/Aonad Bainistíochta: | https://www.ucd.ie/registrar/ucdacademicaffairs/ |
| Scoil/ Oifig an Chláir/ an Aonaid: | http://www.ucd.ie/teaching/ |
| Comhionannas, Éagsúlacht agus Cuimsiú ag UCD: | https://www.ucd.ie/workatucd/diversity/ |

**Fiosrúcháin Neamhfhoirmeálta AMHÁIN chuig:**
Tabhair faoi deara go bhfuil an chuid seo roghnach. Seolfar iarratais chuig riarthóir AD sannta.

| | |
|---|---|
| Ainm: | Keith Barrett, Oifigeach Tionscadail Teagaisc agus Foghlama & Rannpháirtíochta;<br>Judith Archbold, Oifigeach Sinsearach Tionscadail |
| Teideal: | Keith.barrett@ucd.ie or Judith.archbold@ucd.ie |
| Seoladh r-phoist: | 01-716 8526 (Keith) nó 01-716 8520 (Judith) |